# CAIGHDEÁNÚ NA GAEILGE

In deire na haoise seo caite nuair a ghaibh Conradh na Gaeilge slánú na Gaelige orra féin ní raibh an teanga ach ag roint feirmeoirí agus iascairí in áiteanna iargcúlda ar an imeallbhord thiar. Bhí an ceart ag an Athair Peadar Ó Laoire nuair a chomhairligh se scríbhneoiri na Gaeilge cloí le Caint na nDaoine agus gan a bheith ag aithris ar theanga na leabhar mar a raibh an Ghaeilge liteardha classagach. Bhí bolath na seandachta ar na leabhair; bhí an Béal Beo laidir, aiclí ach é beagáinín truaillithe ceal staidéir agus léinn. Dob ionall stair na teanga sa drochshaol agus stair lucht a labhartha; bhí dhá chéad bliain de neachúram imithe uirri. Thuig na Conraitheoiri narbh fhuláir í chur in oiriúint do shaol a linne. Á thúisce a tosnaíodh ar an Ghaeilge a chlóbhualadh tuigeadh a riachtanaí a bhí só teanga scríofa choiteann a sholárthar. Ó tharla gan aon dream istigh sa Chonradh, nó aon dream leathsmuigh de, sách ceannasach leis an gcaighdeánu a chur ar fáil fágadh gort na Gaeilge gona chuid fiadhlaí gan ghlanadh. Nuair a cuireadh ar chlár na scol í tréis 1922 ba léir don lucht teagaisg an foiréigin a bhí a dhéanamh ar an aos foghlama leis an dá chló, le seanchóras gramadaí agus meascán litrithe (idir litriú fada agus litriú gairid agus litriú simplí).

Nuair b'éigin caipéisí oifigúla reachtúla an Rialtais a fhoillsiú i nGaeilge Chonachas do Rannóg an Aistriucháin (foroinn den Stát Seirbhís) go gcaithidís riail éigin a ghabháil chuca in ionad na hainriala a bhí ag baint leis an teanga go dtí san. Leag oifigigh na Rannoíge rialacha <u>ad hoc</u> amach doíbh féin don litriú. Ar mholadh an Taoisigh, chuireadar ar fáil ins an bhliain 1947 toradh na taithí agus na taighde i bhfuirm láimhleabhair, <u>Litriú na Gaeilge</u>, mar chóras litrithe a bhéadh oiriúnach mar chaighdeán comhchoiteann. Is iad so na cúiseanna ar glacadh go fonnmhar le moltaí an láimhleabhair: (1) bhí treoir de shaghas éigin á hiarraidh ag muinteoirí agus sríbheoirí; (2) bhí an litriú caighdeánach níos giorra slachtmhaire ná an sean-litriú; (3) bhí sé níos comhgaraí don chaint sna canúintí fré chéile; (4) níor chuathas rófhada ón litriú a raibh cleachtadh air; (5) níor tugagh isteach aon litreacha na comharthaí nua; (6) bhí a bheag nó a mhór de thaithí cheana féin ar roint mhaith de na giorruithe.

Bhítheas ann aduirt gur dhein an Litriú Nua éagóir ar na canúintí, gur cheil se stair agus tailfeach focal agus an comhgas gramadaí a bhí ag focail lena chéile, gur chuir se focail as a riocht. Is dócha go bhfuil cuid den fhírinne in gach ceann dena tuairimí sin. Bíonn doicheall againn go léir roimh fhocail áirithe na gculaith nua litrithe agus beidh go dtí go mbíonn an nualitriú na sheanlitriú againn. Ach dá mhéid an duadh orainnne, seanóirí, rialacha nua d'fhoghlaim agus do chleachtadh, ba chóir cuinneamh ar an aos óg agus ar an áis agus an buntáiste a bheidh acu as an gcóras ciallmhar litrithe so. Ach scéal thairis na haragóintí go léir anois mar tá an litriú i bhfeidhm agus furmhór na nGaelgeoirí sásta leis. Á chruthú san, a luighead leasaithe a bhí le déanamh ins an eagrán nua a foillsigheadh anuiridh.

Scéal eile ar fad sea caighdeánú gramadaí. Ní ghá a chur in iúil d'aoinne d'fhoghlaim an Ghaeilge le leathchéad bliain anuas nach raibh caighdeán gramadaí ar bith ann. nach raibh d'údarás le le deilbhíocht agus comhréir na teanga ach gnás an Ghaelgeora, dá aineilaí é. Fiche bliain ó shin do scríobh an Aimhirgíneach in aiste ar "The Native Irish Grammarian" mar so leanas;

> When the old Gaelic world collapsed in the seventeenth century the grammarian lost his bearings, and too often put in theories before facts . . . Today there is no actual standard. If such should evolve it will be the task of the grammarian to classify its usages with the old patience and the old accuracy.

Ábhar iontais ag a lán gur fágadh réiteach ná gramadaí fé Stát Seirbhísigh, ach ní raibh Ollscoil ná Acadamh na Institiúid ollamh ná toiltheanach an obair a ghlacadh idir lámha. Ní raibh aoinne sásta leis an gcéad eagrán den ghramadach amach sa bhliain 1953. De thoradh taighde agus comhairle ó mhuinteorí, scribhneoiri agus